




An Bord Pleanála



---

# **Meabhrán Tuisceana idir An tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus An Bord Pleanála**

Is é cuspóir an Mheabhráin Tuisceana (MT) seo idir an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta (an tÚdarás) agus an Bord Pleanála (an Bord) comhoibriú a éascú idir an dá chomhlacht ó thaobh próiseáil iarratais ar chead pleanála faoin reachtaíocht phleanála agus go háirithe iarratais dhíreacha chuig an mBord faoin Acht um Bonneagar Straitéiseach (SIA) 2006.

Sínitheoirí an Mheabhráin Tuisceana  
an 20<sup>ú</sup> lá seo de mhí na Nollag, 2011.

---

Padraic Thornton  
Príomhoifigeach, An Bord Pleanála

---

Martin O'Halloran  
Príomhfheidhmeannach, an tÚdarás Sláinte agus  
Sábháilteachta

## **Tionscadail Bhonneagair Straitéisigh**

Déanann an Bord moltóireacht dhíreach ar iarratais phleanála le haghaidh tionscadail a cháilíonn mar Thionscadail Bhonneagair Straitéisigh (TBS). Déantar cinneadh cibé an ndeonófar cead le haghaidh forbairt faoin Acht seo de réir tréimhsí ama dochta.

Ní mór don Údarás, faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Rialú Mórghuaiseacha Timpiste) 2006, IR Uimh. 74 de 2006, comhairle pleanála theicniúil maidir le húsáid talaimh a chur ar fáil maidir le forbairtí a cháilíonn mar bhunaíochtaí Seveso (nua nó ann cheana féin), nó maidir le forbairtí i bhfoisceacht bunaíochtaí Seveso. Ní mór an chomhairle a chur ar fáil don Bhord ar iarratas agus tá sé faoi riail ag teorainneacha ama forordaithe, leis. (Leagtar amach in Airteagal 215 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt 2001, mar a cuireadh isteach le IR Uimh. 685 de 2006, leis, nósanna imeachta don Bhord chun comhairle theicniúil a iarraidh ar an Údarás i gcás Forbairt Bonneagair Straitéisigh.)

Is féidir go dtógfadh sé roinnt mhaith ama ar an Údarás measúnú iomlán a dhéanamh ar iarratais phleanála ar fhorbairtí atá ainmnithe mar bhunaíochtaí Seveso, nó a ainmneofar amhlaidh, nó ar fhorbairtí i bhfoisceacht bunaíochtaí den sórt sin. Dá réir sin, ba chóir aga leordhóthanach a thabhairt don Údarás d'fhonn comhairle theicniúil, atá cuimsitheach, cruinn agus mórluachmhar, a chur ar fáil don Bhord.

Mar sin déanfaidh an Bord iarracht, a luaithe is féidir, a chinntiú go gcuirtear sonraí ar fáil don Údarás maidir le haon iarratais phleanála atá beartaithe faoi FBS, a bhféadfaidh sé comhairle theicniúil ón Údarás a iarraidh ina leith. Iarrfaidh an Bord ar an iarratasóir ionchasach na sonraí sin a chur isteach chuig an mBord ag an gcéim chomhairliúcháin réamhiarratais i gcás inarb eol go mbeidh fardal suntasach de shubstaintí baolacha ag gabháil leis an bhforbairt bheartaithe, nó i gcás ina bhfuil an fhorbairt bheartaithe i bhfoisceacht bunaíocht Seveso atá ann anois nó ceann atá ceadaithe.

Ní mór na sonraí seo a leanas, ar a laghad, a bheith san áireamh:

- ainm agus sonraí teagmhála an iarratasóra ionchasaigh;
- suíomh na forbartha;
- nádúr na forbartha agus fardal féideartha de na substaintí baolacha;
- breacshonraí aon bhunaíochta Seveso sa chomharsanacht (lena n-áirítear iad siúd ar deonaíodh cead pleanála ina leith ach nach ndeachaigh i mbun oibre fós).

Más dóigh leis an Údarás go gcáileodh forbairt bheartaithe mar bhunaíocht Seveso nó go bhfuil an fhorbairt bheartaithe i bhfoisceacht bunaíocht Seveso atá ann cheana nó atá ceadaithe, cuirfidh sé é sin in iúl don Bhord agus don iarratasóir ionchasach.

Breacrianóidh an tÚdarás don iarratasóir ionchasach an fhaisnéis a bheidh ag teastáil ón Údarás chun an t-iarratas a mheasúnú agus cuirfidh sé comhairle ar an mBord, má iarrtar sin air go foirmiúil.

Cuirfidh ABP scéala chuig an iarratasóir ionchasach nár mhór dó an fhaisnéis uile a éilíonn an tÚdarás a chur ar fáil in éineacht leis an iarratas pleanála chuig an mBord, le gur féidir leis an Údarás an chomhairle theicniúil iarrtha a chur ar fáil.

Ina chomhairle don Bhord léireoidh an tÚdarás cén éifeacht a bheidh ag an bhforbairt bheartaithe ar úsáid na talún sa chomharsanacht feasta .i. a inghlactha a bheadh cineálacha áirithe úsáid talún ag féachaint don riosca a ghabhann leis an bhforbairt bheartaithe. Déanfar amhlaidh, de ghnáth, de réir an chur chuige chineálaigh i leith comhairle atá foilsithe ag an Údarás.

Cuirfidh an tÚdarás **sonraí ar fáil do ABP i dtaca le suíomh na mbunaíochtaí Seveso agus coimeádfar na sonraí sin chun dáta.** Nuashonróidh an Bord a thaifid ionas gur féidir iarratais phleanála i bhfoisceacht bunaíochtaí dá sórt a fhógairt don Údarás agus iarraidh ar iarratasóirí ionchasacha fógra é a chur in iúl don Údarás ag an gcéim chomhairliúcháin réamhiarratais.

Ní cheanglófar ar an Údarás a bheith i láthair ag éisteachtaí ó bhéal a thionóllann an Bord faoi iarratais ar Fhorbairtí Bonneagair Straitéisigh ach amháin i gcás ina bhfuil sainordú reachtach ag an Údarás agus/nó inar chuir an tÚdarás comhairle theicniúil ar an mBord maidir leis an iarratas atá faoi chaibidil ag an éisteacht ó bhéal.

Cuirfidh an tÚdarás sonraí de na costais atá tabhaithe aige ar fáil ionas gur féidir leis an mBord cinneadh a dhéanamh cad iad na costais réasúnta, más ann dóibh, ar cheart a dhámhachtain in aghaidh an iarratasóra faoi alt 37H.

### **Nithe Pleanála Eile**

Is féidir cinntí a dhéanann údaráis áitiúla phleanála a achomharc chuig an mBord. Féadfaidh an Bord, ansin, comhairle an Udaráis a lorg nó iarraidh air freastal ar éisteacht ó bhéal ar an ábhar.

Cloífidh freagraí ar iarratais ar chomhairle theicniúil scríofa a thagann ón mBord leis na teorannuithe ama a shonraítear in Airteagal 27 de IR Uimh. 74 de 2006.

Ní dhéanfar iarratais ar fhreastal ar éisteachtaí ó bhéal ach amháin trí chomhairliú idir teagmhálaithe ainmnithe an dá chomhlachta, le cinntiú gur cuí don Údarás a bheith i láthair. De ghnáth, ní fhreastalóidh an tÚdarás ar éisteachtaí ó bhéal, i gcásanna nach bhfuil sainordú reachtach aige maidir leo, nó más amhlaidh nach raibh aon bhaint aige le soláthar comhairle teicniúla.

## **Cumarsáid**

Is iad daoine a ainmneofar faoin Mheabhrán Tuisceana seo a dhéanfaidh an chumarsáid idir an Bord agus an tÚdarás, de ghnáth. Tabharfar ainmneacha na dteagmhálaithe chun dáta i gcás athrú pearsanra. Meastar go mbeidh cruinniú bliantúil ann idir an Bord agus an tÚdarás chun an Meabhrán seo a athbhreithniú agus monatóireacht a dhéanamh ar oibriú an Mheabhráin.

Seo iad na daoine atá ainmnithe mar theagmhálaithe i láthair na huaire:

Ar son an Údaráis – Mr Pat Conneely, H.S.A. Oifig Chorcaí.

Ar son an Bhoird – Ard-Oifigeach Riaracháin in FBS agus Achomhairc Phleanála.

Seo é téacs an Mheabhráin Tuisceana a shínigh na páirtithe ann; ní cóip é den doiciméad bunaidh sínithe.